Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 29 Bealtaine 2019
(OR. en)

9424/19

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2016/0400/A(COD)**

**CODEC 1105**
**INST 138**
**JUR 262**
**TELECOM 232**
**DEVGEN 108**
**EMPL 278**
**SOC 368**
**ENER 273**
**ENV 491**
**STATIS 39**
**ECOFIN 501**
**DRS 42**
**EF 199**
**MI 451**
**ENT 136**
**CHIMIE 81**
**AGRILEG 97**
**IND 177**
**COMPET 413**
**MAP 11**
**POLARM 7**
**COARM 85**
**CSDP/PSDC 248**
**CFSP/PESC 390**
**CONSOM 169**
**SAN 254**
**JUSTCIV 122**
**AVIATION 111**
**TRANS 345**
**MAR 111**
**UD 145**
**CLIMA 143**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena ndéantar roinnt gníomhartha dlí lena ndéantar foráil maidir le húsáid an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú a oiriúnú d'Airteagal 290 agus Airteagal 291 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh |

1. Ar an 14 Nollaig 2016, sheol an Coimisiún an togra thuasluaite[1], atá bunaithe ar Airteagail 33, 43(2), 53(1), 62, 64(2), 91, 100(2), 114, 153(2)(b), 168(4)(a), 168(4)(b), 172, 192(1), 207, 214(3), agus Airteagal 338(1) CFAE, chuig an gComhairle.

[1] 5623/17.

2. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh ar an 1 Meitheamh 2017[2].

3. Ar an 1 Nollaig 2017, thug Coiste na Réigiún a thuairim uaidh[3].

4. Ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún ar an 17 Aibreán 2019. Is léiriú é toradh na vótála i bParlaimint na hEorpa ar an gcomhaontú comhréitigh ar tháinig na hinstitiúidí air agus, dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh glacadh ag an gComhairle leis[4].

5. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá réir sin, a dheimhniú go n-aontaíonn sé leis sin, agus leis an ráiteas ón gComhairle mar a leagtar amach in Aguisín 2 a ghabhann leis an nóta seo é, agus a chuirfear isteach i dtaifead achomair chruinniú Choiste na mBuanionadaithe.

6. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe an méid seo a leanas a mholadh don Chomhairle chomh maith:

– an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, mar a leagtar amach in PE-CONS 65/19 é, a fhormheas mar mhír "A" ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo;

– a chinneadh go ndéanfar an ráiteas atá in Aguisín 1 a ghabhann leis an nóta seo a chur isteach i miontuairiscí an chruinnithe sin agus go ndéanfar iad a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Má fhormheasann an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach.

Nuair a bheidh an gníomh reachtach sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus ag Uachtarán na Comhairle, déanfar é a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

---

[2] IO C 288, 31.8.2017, lch. 29.
[3] IO C 164, 8.5.2018, lch. 82.
[4] 8448/19.